Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh

# Ráiteas Straitéise

2022 - 2026

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | **2** |
| **Ár Straitéis, 2022 - 2026** | **3** |
| **Brollach** | **4** |
| **Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna** | **8** |
| **Ag Breathnú Siar**<br>**Éachtaí faoinár Ráiteas Straitéise, 2017 – 2021** | **10** |
| **Ag Breathnú Chun Cinn**<br>**Ár dTimpeallacht Oibriúcháin** | **16** |
| **Na Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha** | **24** |
| 1. Cuirfimid rialáil na sé ghairm ainmnithe atá fágtha chun cinn | |
| 2. Cinnteoimid go gcosnófar an pobal leis an rialáil agus go dtacóidh sí le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh | |
| 3. Forbróimid ár gcumais eagraíochtúla agus ag an am céanna déanfaimid samhail rialála inbhuanaithe a chothú | |
| 4. Méadóimid feasacht ar ár ról don phobal a chosnaímid agus na gairmithe a rialaímid | |
| 5. Déanfaimid ár n-idirghabhálacha rialála a dhaingniú i dtaighde agus léargais atá bunaithe ar fhianaise | |
| **Torthaí straitéiseacha** | **31** |
| **Aguisín 1 Próiseas an Chomhairliúcháin Phoiblí** | **32** |

# Réamhrá

Is é CORU an rialtóir in Éireann i dtaobh gairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialaigh. Is é ár ról an pobal a chosaint trí iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn le clárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Bunaíodh CORU faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2005 (arna leasú). Tá sé comhdhéanta den Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus na Boird Chlárúcháin, duine amháin le haghaidh gach gairm a ainmnítear inár nAcht. Faoi láthair, déanaimid thart ar 20,000 gairmí sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialáil.

**Bunaíodh Boird Chlárúcháin agus osclaíodh cláir do na gairmeacha seo a leanas.**

- Diaitéitigh
- Radharceolaithe Dáileacháin
- Eolaithe Míochaine
- Teiripeoirí Ceirde
- Optaiméadraithe
- Teiripeoirí Fisiciúla
- Fisiteiripeoirí
- Coslianna
- Radagrafaithe
- Teiripeoirí Radaíochta
- Oibrithe Sóisialacha
- Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga

Bunaíodh Boird Chlárúcháin freisin do Chomhairleoirí, Síceolaithe, Síciteiripeoirí agus Oibrithe Cúraim Shóisialaigh agus táimid ag obair chun cláir a oscailt do na gairmeacha sin. Is iad na gairmeacha eile a rialófar ná Bithcheimiceoirí Cliniciúla agus Ortoptaigh, cé nach bhfuil Bord Clárúcháin ceaptha ag an Aire Sláinte don dá ghairm seo go fóill.

Leanfaimid orainn de dhul chun cinn a dhéanamh maidir le cláir a oscailt do na gairmeacha eile atá ainmnithe san Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 (arna leasú) sa Ráiteas Straitéise seo. De réir mar a bhunaítear cláir do na gairmeacha atá fágtha, méadófar líon na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh rialáilte a bheidh cláraithe go dtí os cionn 35,000.

Leanann ár Ráiteas Straitéise 2022 - 2026 ag cur lena bhfuil bainte amach ag ráitis straitéise CORU roimhe seo.

# Ár Straitéis
# 2022 - 2026

## Cuspóir

**Is é CORU an rialtóir i dtaobh ghairmeacha éagsúla sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann. Is é ár ról an pobal a chosaint trí iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn le clárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.**

## Aidhm

**Ardchaighdeáin ghairmiúla a chur chun cinn chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh ar ardchaighdeán a sholáthar agus cosaint an phobail a chinntiú.**

**Cuirfimid rialáil na sé ghairm ainmnithe atá fágtha chun cinn**

**Cinnteoimid go gcosnóidh an rialáil an pobal agus go dtacóidh le gairmithe cúraim sláinte**

**Forbróimid cumais eagraíochtúla le samhail inbhuanaithe rialála atá á forbairt i gcónaí**

**Méadóimid feasacht ar ár ról don phobal a chosnaímid agus na gairmithe a rialaímid**

**Beidh taighde agus léargais fhianaise-bhunaithe mar bhonn agus mar thaca ag ár n-idirghabhálacha rialála**

**Ár bhfeidhmeanna reachtacha a chomhlíonadh**

# Brollach



**Mo Flynn**
Cathaoirleach,
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim

## Shóisialaigh

Tá ról tábhachtach ag CORU maidir leis an bpobal a chosaint trí chórais rialála nua a bhunú agus a chothabháil do ghairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh an Stáit.

Ní féidir gannmheas a dhéanamh ar thábhacht na hoibre seo. Tá méadú suntasach tagtha ar leibhéal na cuntasachta agus na trédhearcachta a éilíonn othair, úsáideoirí seirbhíse agus an pobal i gcoitinne ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh sna blianta ó bunaíodh CORU. Tá fáilte le cur roimhe seo mar spreagann sé na gairmeacha chun na caighdeáin chúraim is airde a sholáthar go comhsheasmhach, agus ar an gcaoi sin cosaint níos fearr don phobal a chinntiú.

Is é mo thosaíocht, agus tosaíocht na Comhairle, oibriú leis an Roinn Sláinte, leis na Boird Chlárúcháin, lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus leis an bhfoireann Feidhmiúcháin chun samhail rialála inbhuanaithe a fhorbairt a chosnaíonn an pobal trí thacú le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh atá tiomanta d'oibriú de réir na gcaighdeán is airde. Déanfaimid an pobal a chosaint tuilleadh trí smachtbhannaí a fhorchur orthu siúd a fhaightear ciontach i ndrochfheidhmíocht ghairmiúil nó i mí-iompar gairmiúil.

In 2017, rinne CORU 9,000 gairmí a rialáil. Sa lá atá inniu ann, rialaímid os cionn 20,000 gairmí agus rialóimid os cionn 35,000 gairmí nuair a osclaítear gach clár do na gairmeacha ainmnithe. Níl an fás seo gan a dhúshláin ach beidh taithí na heagraíochta maidir le córais rialála nua a fhorbairt thar a bheith luachmhar chun ár bhfás amach anseo a bhainistiú. Thug ár rannpháirtíocht leanúnach leis an bpobal, le cláraithe agus le páirtithe leasmhara eile tuiscint níos fearr dúinn ar an luach a sholáthraímid agus ar an áit ar féidir linn ár n-oibríochtaí a fheabhsú tuilleadh.

Agus muid ag breathnú chun cinn ar na cúig bliana amach romhainn inár n-eagraíocht, ní mór dúinn a bheith ag súil freisin le hathruithe sa timpeallacht sheachtrach ina n-oibrímid. Mar gheall ar COVID-19, tá athrú tagtha, beagnach thar oíche, ar an gcaoi a gcuirtear seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh ar fáil in Éirinn agus tharraing sé aird ar an ngá atá le seirbhísí láidre sláinte agus cúraim shóisialaigh atá pobalbhunaithe agus a oibríonn i gcomhpháirtíocht le seirbhísí géarmhíochaine. Ath-imlonnaíodh gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, ghlac siad róil nua agus tá go leor díobh ag cur seirbhísí diagnóiseacha agus cóireála ar fáil sa phobal. Mar sin féin, mar thoradh ar an bpaindéim, tá go leor leanaí agus daoine fásta leochaileacha gan na seirbhísí cúraim atá de dhíth orthu, rud a fhágann go bhfuil liostaí feithimh ag fás i síor. Cuirfidh sé seo brú breise ar sheirbhísí atá sínte cheana féin amach anseo agus tá sé riachtanach go ndéanfar machnamh cúramach ar fhreastal ar na héilimh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh pobalbhunaithe agus muid ag dul ar aghaidh.

Ní mór rialáil amach anseo a mheas freisin i gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois, an líon méadaitheach daoine faoi mhíchumas atá ina gcónaí sa phobal agus a n-éilimh ar chúram atá ag athrú. Gineann maireachtáil neamhspleách éileamh ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh lena mbíonn gá le samhlacha nua tacaíochta agus cleachtais athraitheacha. Cé go bhfuil saol sláintiúil ag go leor daoine scothaosta agus daoine faoi mhíchumas, tá daoine ann atá i measc na ndaoine is leochailí inár sochaí, a dteastaíonn leibhéil chosanta níos mó uathu. Cuirfidh sé seo bonn eolais faoi rialáil gairmeacha ainmnithe freisin.

De réir mar a fhorbraímid samhail rialála inbhuanaithe, ní mór dúinn a bheith dírithe ar 'Rialáil ar an gCaoi Cheart', ag cinntiú i gcónaí go bhfuil an rialáil comhréireach, comhsheasmhach, spriocdhírithe, cuntasach agus lúfar. Ach thar aon ní eile, ní mór an pobal a chosaint leis an rialáil.

Cinnteoidh an Ráiteas Straitéise seo 2022 – 2026, agus seachadadh ár dtosaíochtaí straitéiseacha, gur eagraíocht é CORU a fhreagraíonn do na dúshláin seo agus atá dírithe i gcónaí ar ár ndualgas reachtúil chun an pobal a chosaint, agus aird á tabhairt ag an am céanna ar thionchar na rialála ar an ngairmí. Cinntíonn sé go bhfanaimid oiriúnach don fheidhm mar an t-aon rialtóir ilghairme in Éirinn. Tá tacú leis an Ráiteas Straitéise seo ina thiomantas chun leanúint lenár gclár claochlaithe dhigitigh ionas go gcuirfimid ár sainchúram i gcrích ar bhealach inbhuanaithe agus costéifeachtach dár bpáirtithe leasmhara go léir.

Ní féidir linn rialáil inbhuanaithe a chur ar fáil agus an pobal a chosaint gan maoiniú leordhóthanach. Éilíonn an reachtaíocht go mbeadh CORU féinmhaoinithe agus d'oibrigh an Chomhairle agus an Feidhmeannach go comhsheasmhach chun é sin a bhaint amach. Cuireadh bac ar na hiarrachtaí sin trí tháillí a shocrú, mar chuid de Chomhaontuithe Náisiúnta Pá i ndiaidh a chéile, ar leibhéal nach gclúdaíonn costas na rialála. Mar thoradh air sin, táimid fós ag brath ar mhaoiniú leanúnach ón státchiste. Thar thréimhse an Ráitis Straitéise seo beimid ag iarraidh neamhspleáchas na Comhairle a athbhunú chun táillí Clárúcháin agus Athnuachana a shocrú.

Treoróidh an Ráiteas Straitéise seo 2022 – 2026 ár bpleanáil chorparáideach agus muid ag comhlíonadh ár gclár oibre cuimsitheach agus uaillmhianach sna cúig bliana amach romhainn. Ba mhaith liom mo bhuíochas a chur in iúl do mo chomhghleacaithe ar an gComhairle, ar na Boird Chlárúcháin agus ar fhoireann CORU, as an méid a chuir siad le forbairt an Ráitis Straitéise seo. Tá áthas ar leith orm aitheantas a thabhairt don mhéid a rinne cláraithe, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla, grúpaí abhcóideachta othar, soláthraithe oideachais agus ceardchumainn a ghlac páirt inár gcomhairliúchán agus a chuir a dtuairimí in iúl nuair a bhí an straitéis seo á ceapadh againn. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil leo freisin as a dtacaíocht leanúnach chun ár gclár oibre rialála a chur chun cinn ar mhaithe le saoránaigh uile na hÉireann.

Ba mhaith linn buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Sláinte agus lena Roinn as a dtacaíocht agus is mór againn a dtiomantas agus a rannpháirtíocht leanúnach maidir le dul i bpáirt le CORU ar a thuras rialála.

Ar deireadh, táimid fíorbhuíoch de na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh go léir a bhí ar an túslíne i bhfreagairt ár dtíre ar an bpaindéim reatha. Ní raibh na cóid Iompair Ghairmiúil agus Eitice riamh níos tábhachtaí chun a gcuid oibre a threorú agus ba mhaith liom aitheantas a thabhairt dá dtiomantas dá n-othair agus dá n-úsáideoirí seirbhíse in amanna an-deacra agus strusmhara.

**Mo Flynn,**
*Cathaoirleach*
An Chomhairle um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh



## **Ginny Hanrahan**
## An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, CORU

Is é misean CORU ná an pobal a chosaint trí ardchaighdeáin a chur chun cinn maidir le hoideachas gairmiúil, iompar gairmiúil, oiliúint agus inniúlacht i measc chláraithe CORU, mar a léirítear inár gcuid reachtaíochta, an tAcht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 (an tAcht) (mar a leasaíodh)..

Mar eagraíocht, tugaimid ár ndúshlán ár bpróisis, ár gcórais agus ár struchtúir rialachais a fhorbairt agus a neartú ionas go mbainfimid an misean seo amach go héifeachtúil agus go héifeachtach.

Thug ár Ráiteas Straitéise 2017 - 2021 dúshlán dúinn agus is bunús láidir é agus tá go leor éachtaí bainte amach againn go dtí seo a gcuirfimid leo amach anseo. An ceann is suntasaí, b'fhéidir, ná gur tháinig borradh ar CORU le ceithre bliana anuas agus anois déanaimid breis agus 20,000 gairmí sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialáil ó dhá ghairm déag éagsúla.

Cuirfimid cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha chun cinn thar shaolré an Ráitis Straitéise seo 2022 - 2026:

- **Cuirfimid rialáil na sé ghairm ainmnithe atá fágtha chun cinn**
- **Cinnteoimid go gcosnófar an pobal leis an rialáil agus go dtacóidh sí le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh**
- **Forbróimid ár gcumais eagraíochtúla agus ag an am céanna déanfaimid samhail rialála inbhuanaithe a chothú**
- **Méadóimid feasacht ar ár ról don phobal a chosnaímid agus na gairmithe a rialaímid**
- **Déanfaimid ár n-idirghabhálacha rialála a dhaingniú i dtaighde agus léargais atá bunaithe ar fhianaise**

Beidh claochlú digiteach ár n-eagraíochta fíorthábhachtach chun na tosaíochtaí sin a bhaint amach. De réir mar a dhéanaimid ár ngníomhaíochtaí a leagan amach agus a leanaimid ar aghaidh ag oscailt cláir nua do ghairmeacha ainmnithe, déanfaimid an infheistíocht is suntasaí i gcóras nua clárúcháin agus aitheantais a chur i bhfeidhm. Beimid ag infheistiú freisin i réitigh ar líne agus réitigh dhigiteacha san Oideachas, san Fhorbairt Ghairmiúil Leantach (FGL) agus i bhFeidhmiúlacht chun Cleachtadh lena gcumasófar rannpháirtíocht níos sruthlínithe lenár bpáirtithe leasmhara.

Tacóimid lenár bhfoireann bealaí nua a chur i bhfeidhm chun oibriú le hoiliúint agus forbairt agus leanfaimid orainn ag obair laistigh de chultúr feabhsúcháin leanúnaigh. Leanfar lenár luachanna – Cuntasacht, Meas agus Cothroime, Oscailteacht agus Trédhearcacht, Ardfheidhmíocht, Bród agus Tiomantas agus Saibhriú - a léiriú le linn ár n-oibríochtaí agus ár rannpháirtíocht leis an bpobal, le cláraithe agus leis na páirtithe leasmhara go léir.

Tá sé an-tábhachtach go mbeadh muinín ag ár bpáirtithe leasmhara go léir - an pobal i gcoitinne, úsáideoirí seirbhíse, ár ngairmeacha ainmnithe, an tAire Sláinte, an Roinn Sláinte, Ranna Rialtais ábhartha eile, fostóirí, oideachasóirí, abhcóidí othar agus na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh níos leithne - as CORU. Cuideoidh an Ráiteas Straitéise seo 2022 – 2026 lena muinín a threisiú trí chreat láidir agus trédhearcach a sholáthar dúinn chun ár seirbhísí a sholáthar agus teagmháil a dhéanamh lenár bpáirtithe leasmhara go léir. Is é an príomhfhócas a bheidh againn ná eolas agus taithí an phobail ar CORU a fheabhsú, ionas gur féidir leo rochtain a fháil go héasca ar ár seirbhísí chun na cláir ghairmiúla a sheiceáil nó chun gearán a dhéanamh.

Coinnímid ár gcláraithe cuntasach tríd an gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitice reachtúil dá ngairmeacha agus trí mhonatóireacht a dhéanamh ar a rannpháirtíocht i bhforbairt ghairmiúil leantach. Creideann CORU go soláthraítear seirbhísí níos sábháilte don phobal mar thoradh ar rannpháirtíocht i gcleachtadh ghairm an duine trí fhoghlaim leanúnach agus trína chinntiú go gcoinníonn duine athléimneacht. Cinntítear leis an obair sin freisin go mbaintear amach na caighdeáin scileanna agus cáilíochtaí is airde ar fud lucht saothair ildisciplíneach, atá ar cheann de na príomhbhealaí ar féidir linn tionchar díreach a imirt chun a chinntiú go mbeidh eispéireas dearfach agus sábháilte ag an bpobal i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann.

Ba mhaith liom an ócáid seo a ghlacadh chun buíochas a ghabháil le cláraithe CORU a lean orthu de chúram ar ardchaighdeán a chur ar fáil i gcúinsí deacra agus athraitheacha, agus a fhreagair don phaindéim le lúfaireacht agus inoiriúnaitheacht chun freastal ar na héilimh a chuirtear ar na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh.

I dtimpeallacht sláinte agus cúraim shóisialaigh atá ag athrú go tapa, mar rialtóir, ní mór dúinn fanacht lúfar ionas go mbeidh ár ngníomhartha go léir dírithe ar an bpobal a chosaint, agus ag an am céanna ar thacú le cláraithe lena mbaineann rialáil rioscabhunaithe, ach ‘ar an gcaoi cheart’. Mar eagraíocht, léiríomar ár gcumas freagairt go tapa do dhúshláin na paindéime agus gabhaim buíochas lenár bhfoireann thiomanta faoi stiúir na foirne bainistíochta sinsearaí, a chinntigh gur lean ár n-oibríochtaí gan bhriseadh mar gheall ar an aistriú chuig cianobair. Táim an-bhródúil as a bheith i gceannas ar an bhfoireann gairmithe tiomnaithe seo.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin lenár gCathaoirleach agus le comhaltaí uile na Comhairle, na mBord Clárúcháin agus na gCoistí, ar oibrithe deonacha iad go léir, as a dtacaíocht don fhoireann Feidhmiúcháin; ár measúnóirí agus ár n-athbhreithneoirí ar chláir oideachais agus ar cháilíochtaí chomh maith lenár gCoistí Réamhimeachtaí, Coistí Achomhairc agus Coistí um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh.
Ba mhaith liom aitheantas ar leith a thabhairt d'obair an Aonaid Rialála Ghairmiúil sa Roinn Sláinte a d'oibrigh i gcomhpháirtíocht le CORU chun ár gcuid oibre a chur chun cinn.

Táimid ag súil leis an straitéis a d’fhorbair an Chomhairle a chur chun feidhme, ina leagtar amach an plean oibre do CORU do na cúig bliana atá amach romhainn de réir mar a leanfaimid den phobal a chosaint agus de rialáil stóinsithe a chur chun feidhme ar na gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh ainmnithe in Éirinn.



**Ginny Hanrahan,**
*Príomhoifigeach Feidhmiúcháin agus Cláraitheoir CORU*

# Ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna

**Tá ár bhFís, ár Misean agus ár Luachanna dílis i gcónaí agus tá siad mar bhonn agus mar thaca ag ár Ráiteas Straitéise 2022-2026, chomh maith lenár ngníomhaíochtaí laethúla a bhfuil sé d'aidhm acu an pobal a chosaint.**

**Fís:** Tá muinín ag an bpobal agus ag gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh as CORU agus as a phróisis agus a chaighdeáin rialála agus tugann siad araon aitheantas dóibh.

**Misean:** An pobal a chosaint ach oideachas gairmiúil, iompar, oiliúint agus inniúlacht ar ardchaighdeán a chur chun cinn i measc chláraithe na ngairmeacha ainmnithe.




**Luachanna:** Tá sé d'aidhm ag CORU sraith luachanna a léiriú a bhíonn mar bhonn agus thaca leis an mbealach a n-oibríonn sé agus a n-idirghníomhaíonn sé lena pháirtithe leasmhara go léir. Tá ár luachanna ríthábhachtach maidir lenár misean agus ár bhfís a bhaint amach.

**Cuntasacht** as ár bpróisis, ár gcinntí agus ár n-iompar gairmiúil.

Léirímid **Meas agus Cothroime** agus muid i dteagmháil leis an bpobal, le gairmithe agus le páirtithe leasmhara eile.

**Oscailteacht agus Trédhearcacht** inár gcumarsáid agus inár ndéileálacha leis an bpobal agus leis na gairmithe.

**Ardleibhéil Feidhmíochta** mar eagraíocht ó thaobh éifeachtacht iomlán, luach ar airgead, éifeachtúlacht oibríochtaí agus rialachais de.

**Bród agus Tiomantas** maidir le torthaí iomchuí a sholáthar i ndáil le sábháilteacht agus caighdeáin don phobal agus do na gairmithe lena mbaineann.

**Saibhriú** ár n-earnála trí cheannaireacht, dearfacht agus treoshuíomh ardchaighdeáin agus fianaise-bhunaithe a léiriú maidir lenár gcuid oibre agus ár rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara.

# Ag Breathnú Siar

## Éachtaí faoinár Ráiteas Straitéise 2017 – 2021



**Is cuí go ndéanfaimis machnamh ar a bhfuil bainte amach againn agus ar an dul chun cinn inár Ráiteas Straitéise roimhe seo 2017 - 2021 mar cuireann sé bonn eolais faoinár dtosaíochtaí straitéiseacha sa ráiteas straitéise seo.**

## Cuspóir 1

### Ár riachtanais reachtúla reatha a sheachadadh

Táimid tiomanta dár gceanglais reachtacha reatha a chomhlíonadh trí leanúint ar aghaidh ag bunú Boird Chlárúcháin agus cláir oscailte do ghairmeacha a ainmnítear faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 (arna leasú).

**Boird Chlárúcháin agus cláraithe 2016 go 2020**

| 2016 | | 2020 |
|---|---|---|
| 7 mBord Clárúcháin | → | 12 Bhord Clárúcháin |
| 8,000 cláraí | → | 20,000 cláraí |

D'osclaíomar an Clár d'Eolaithe Leighis an 31 Márta 2019 agus an Clár do Choslianna an 31 Márta 2021. Ceapadh Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh agus Bord Clárúcháin na Síceolaithe in 2015 agus 2017 faoi seach, agus tá obair ar siúl chun ullmhú dá gcláir faoi seach a oscailt.

Ceapadh an Bord Clárúcháin do Chomhairleoirí agus Síciteiripeoirí in 2019 agus tá tús curtha aige lena chuid oibre chun na gairmeacha sin a rialáil. Tá na Boird Chlárúcháin d'Ortoptaigh agus Bithcheimiceoirí Cliniciúla fós le ceapadh ag an Aire Sláinte.

De réir mar a cheaptar gach Bord Clárúcháin déanaimid caighdeáin a fhorbairt agus a chur chun feidhme maidir le hiontráil sa chlár.

Choinníomar cláir atá ag dul i méid do Bhithcheimiceoirí Cliniciúla/ Diaitéitigh, Radharceolaithe Dáileacháin, Eolaithe Míochaine, Teiripeoirí Saothair, Optaiméadraithe,Teiripeoirí Fisiciúla, Fisiteiripeoirí, Radagrafaithe, Teiripeoirí Radaíochta, Oibrithe Cúraim Shóisialaigh agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga/ Teiripeoirí Urlabhra. Bhí breis is 20,000 gairmí sláinte agus cúraim shóisialaigh cláraithe le CORU ag deireadh 2020.

Tá tús curtha againn le cláir oideachais agus oiliúna a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu agus tá bealach aitheantais curtha ar fáil againn chuig na cláir do chéimithe ar bronnadh a gcáilíochtaí orthu in áiteanna lasmuigh den stát.

Rinneamar Iniúchtaí FGL le haghaidh Oibrithe Sóisialta, Radagrafaithe, Teiripeoirí Radaíochta, Diaitéitigh agus Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga in 2017, 2018 agus 2020. Rinne gach Bord ár scéim FGL a athbhreithniú, a nuashonrú agus a fhaomhadh. Faoi láthair, cuireadh 19,851 cláraithe ar an eolas faoina dtréimhse iniúchta FGL, agus chuir Eolaithe Leighis tús lena dtréimhse iniúchta i Márta 2021.

Pléimid le gearáin trínár bpróisis um fheidhmiúlacht chun cleachtadh ar bhonn leanúnach agus leanaimid orainn ag soláthar ár seirbhísí do ghairmeacha cláraithe. Reáchtálamar ár gcéad éisteachtaí poiblí um fheidhmiúlacht chun cleachtadh agus forfheidhmiú imeachtaí cosanta teidil. In 2018, d'éirigh linn dhá chion a ionchúiseamh a bhaineann le díol spéaclaí agus lionsaí teagmhála, agus in 2020, fuaireamar dhá chiontú as mí-úsáid teidil ghairmiúla.

| Bliain | Gearáin maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh | Gearáin faoi fhorfheidhmiú | Achomhairc ar chinntí clárúcháin/ aitheantais |
|---|---|---|---|
| 2017 | 33 | 19 | 13 |
| 2018 | 30 | 23 | 22 |
| 2019 | 56 | 34 | 14 |
| 2020 | 44 | 25 | 19 |

# Cuspóir 2

## Torthaí rialála atá mar spriocanna againn a sheachadadh le Múnla Rialála inbhuanaithe

Leanaimid le samhail inbhuanaithe rialála a thógáil agus muid ag méadú ár ngníomhaíochtaí. Tá dhá ghné ag baint leis an inbhuanaitheacht dúinn. Ar an gcéad dul síos, gné eacnamaíoch - ina bhfuil maoiniú agus líon na foirne teoranta déanaimid ár ndícheall i gcónaí bealaí éifeachtúla agus éifeachtacha a bhaint amach chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí do shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse. Is é an dara gné den inbhuanaitheacht ná freagrúlacht - an chaoi a gcinntímid go bhfreagraíonn ár ngníomhaíochtaí, ár gcórais agus ár bpróisis d'fhorbairtí nua chun an pobal a chosaint.

Rinneamar athbhreithniú ar ár samhail rialachais reatha, d'fhonn éifeachtúlachtaí feabhsaithe agus lúfaireacht níos fearr a bhaint amach chun freagairt do shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn. Cuireadh tuarascáil chuimsitheach faoi bhráid an Aire Sláinte in 2018 ina leagtar amach dearcadh na Comhairle maidir le samhail inbhuanaithe do rialáil ilghairme.

Leanaimid orainn d’idirchaidreamh a chothú go dlúth leis an Roinn Sláinte maidir le rialáil inbhuanaithe agus an chéad chéim eile dár bhforbairt.

Tá nuálaíochtaí agus dul chun cinn suntasach curtha ar fáil againn, mar shampla, rinneamar tairseach ar líne a fhorbairt chun cáilíochtaí idirnáisiúnta a aithint. Rinneadh é sin a fhorbairt, a thástáil agus tá sé á chur i bhfeidhm faoi láthair. Tá saoráid ar líne do sholáthraithe oideachais mar chuid den phróiseas faofa agus monatóireachta i gcéim na dtrialacha. Tá córas CRM (Bainistíocht Caidreamh Custaiméirí) á fhorbairt faoi láthair le haghaidh tacaíocht Rúnaíochta do Bhoird Chlárúcháin agus don Chomhairle. Ina theannta sin, tá córais dhigiteacha á gcur i bhfeidhm againn ar bhonn píolótach chun éisteachtaí fíorúla um fheidhmiúlacht chun cleachtadh/achomhairc a éascú.

Mar gheall ar infheistíocht shuntasach inár réitigh TF, bhog gach Bord Clárúcháin agus an Chomhairle chuig cruinnithe gan pháipéar. Bhogamar freisin chuig cianobair mar fhreagairt ar phaindéim COVID-19 agus feidhmeanna gnó criticiúla á gcothabháil againn ag an am céanna.

Leanaimid de bheith ar an airdeall maidir le deiseanna le haghaidh seirbhísí comhroinnte agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-oibríochtaí agus ar ár bpróisis d'fhonn bealaí oibre níos cuíchóirithe agus níos éifeachtúla a fhorbairt.

Bímid rannpháirteach go gníomhach i bhfreagairt do thaighde, sonraí, anailís riosca agus aiseolas agus é mar aidhm againn feabhas leanúnach a chur ar an méid a dhéanaimid agus ar an gcaoi a ndéanaimid é.



**Leanaimid de bheith ar an airdeall maidir le deiseanna le haghaidh seirbhísí comhroinnte agus athbhreithniú a dhéanamh ar ár n-oibríochtaí agus ar ár bpróisis d’fhonn bealaí oibre níos cuíchóirithe agus níos éifeachtúla a fhorbairt.**

# Cuspóir 3

## Ár gcumarsáidí a bheith níos soiléire

Tá plean cumarsáide ilbhliana curtha i bhfeidhm againn chun soiléireacht agus tuiscint ar ár samhail agus ár ról rialála a fheabhsú i measc príomhpháirtithe leasmhara. Rinneamar ár mbealaí cumarsáide a leathnú agus d'fhorbraíomar plean cumarsáide spriocdhírithe chun dul i bhfeidhm ar níos mó grúpaí páirtithe leasmhara.

Ina measc siúd bhí:

- **Dáileadh bileoga eolais ar níos mó ná 2,000 dochtúir teaghlaigh agus 1,100 Altra Cleachtais lenar sroicheadh lucht féachana measta de 1.2 milliún páirtí leasmhar in aghaidh na míosa.**
- **Feachtas fógraíochta raidió ar stáisiúin raidió náisiúnta agus réigiúnacha araon. Meastar gur chuala 54.7% de na daoine fásta go léir in Éirinn fógra 2018, agus gur chuala an gnáthdhuine an fógra 7 n-uaire le linn an fheachtais.**
- **In 2020, leathnaíodh ár gcainéil feachtais faisnéise poiblí. D'fhorbraíomar feachtas fógraíochta ar líne a bhí dírithe ar spriocghrúpa níos óige.**
- **Feachtas faisnéise poiblí spriocdhírithe ar na contúirtí a bhaineann le Lionsaí Teagmhála Nuachta Oíche Shamhna atá mídhleathach le díol in Éirinn. Rialaíonn CORU dáileadh lionsaí teagmhála. Chuaigh an feachtas i 2017 i bhfeidhm ar líon fíoraithe de 980,000 daoine trí na meáin ar líne agus sna meáin chlóite. Díríodh feachtais ina dhiaidh sin in 2018 agus in 2019 ar dhéimeagrafach níos óige agus clúdaíodh iad i réimse leathan foilseachán náisiúnta agus réigiúnach ar líne agus i gcló.**
- **Preaseisiúintí a eisiúint chuig asraonta meán lena n-áirítear nuachtáin náisiúnta agus réigiúnacha, stáisiúin raidió agus na meáin trádála.**
- **Cumarsáid spriocdhírithe le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta trí nuachtlitir agus láithreán gréasáin CORU.**



Rinneadh láithreán gréasáin nua a dhearadh agus a sheoladh in 2019. Ba thasc suntasach é sin agus áiríodh leis ábhar físe ar éileamh a fhorbairt chun cabhrú le húsáideoirí rochtain a fháil ar fhaisnéis go tapa agus gan uaim.

Is é an láithreán gréasáin an phríomhfhoinse faisnéise don phobal, do chláraithe, do sholáthraithe oideachais agus do na páirtithe leasmhara go léir i gcónaí. Déantar athbhreithniú agus nuashonrú air go rialta chun inrochtaineacht úsáideoirí a chinntiú agus chun ábhar cothrom le dáta agus ábhartha a sholáthar.

Tá láithreacht sna meán sóisialta curtha ar bun againn freisin a chuireann ardán níos láidre ar fáil dúinn chun teagmháil a dhéanamh le páirtithe leasmhara. Tá ár bpríomhbhealaí ar Twitter agus YouTube agus leanann ár lucht leanúna ag fás de réir mar a fhoilsímid ábhar spéise do pháirtithe leasmhara.

# Cuspóir 4

## Ár bhfócas a choimeád ar dhea-chleachtais rialachais

Tá dea-chleachtais rialachais chorparáidigh fós ina dtosaíocht ag CORU. Choinníomar an fócas sin le linn phaindéim COVID-19, trí chianobair agus cruinnithe fíorúla a ghlacadh go lúfar, chun feidhmeanna criticiúla gnó a choinneáil.

D'fhoilsíomar miontuairiscí na Comhairle atá ar fáil don phobal ar ár láithreán gréasáin, de réir bheartas na Comhairle.

Tugadh athbhreithniú iomlán ar Bheartas Bainistíochta Riosca CORU chun críche in 2019. Is mír bhuan é riosca ar chlár oibre na Comhairle agus cuirtear nuashonruithe ábhartha rialta ar fáil don Chomhairle agus don Choiste Iniúchóireachta, Riosca agus Rialachais.

Rinneamar athbhreithniú ar ár mbeartais airgeadais in 2018 agus tá nósanna imeachta airgeadais feabhsaithe curtha i bhfeidhm againn agus déantar monatóireacht leanúnach orthu. Tionóltar cruinnithe míosúla leis an Roinn Sláinte, ach is ábhar imní í an inbhuanaitheacht airgeadais mar gheall ar na leibhéil táillí reatha agus na srianta buiséid atá á gcur i bhfeidhm ar Ghníomhaireachtaí Stáit.

Leanaimid orainn ag infheistiú in oiliúint don Chomhairle, do na Boird Chlárúcháin agus do bhaill an Choiste chun scileanna a fhorbairt.

Glacann an Chomhairle páirt i meastóireacht agus féinmheasúnú bliantúil freisin, i gcomhréir leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Glacann an Coiste Feidhmiúcháin gníomh i ndáil le moltaí a thagann chun cinn, de réir mar is gá.

Táimid ag obair go leanúnach chun líon, minicíocht agus cláir oibre na gcruinnithe rialachais a bharrfheabhsú ach, ar deireadh, is de réir ár samhla rialála reatha a shocraítear minicíocht na gcruinnithe sin. Rinne an Chomhairle agus na Boird Chlárúcháin toscaireachtaí breise chuig an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin/gCláraitheoir a fhaomhadh, chun cuidiú leis an ualach oibre ag cruinnithe.

Freagróimid d'aon athchóirithe atá beartaithe i ndáil leis an timpeallacht rialála in Éirinn agus ullmhóimid dóibh, má thagann a leithéid chun cinn.

**Choinníomar an fócas sin le linn phaindéim COVID-19, trí chianobair agus cruinnithe fíorúla a ghlacadh go lúfar, chun feidhmeanna criticiúla gnó a choinneáil.**



# Cuspóir 5

## Mianach tallainne agus eolais a mhealladh, a choimeád agus a fhorbairt

**Tháinig méadú ar ár bhfoireann, ó 45 ball foirne in 2016 go dtí 64 ball foirne in 2021 agus tá ár gCoiste Feidhmiúcháin tiomanta dár gcuspóirí straitéiseacha a bhaint amach.**

Tuigimid i gcónaí go bhfuil géarghá le láthair oibre sábháilte agus measúil a chur ar fáil don fhoireann ina gcumasaítear dóibh a gcuspóirí a bhaint amach agus rannchuidiú le forbairt na heagraíochta.

Oibrímid go dian chun cultúr measúil a chur chun cinn agus chun baill foirne a choinneáil ar an eolas faoi fhorbairtí trí chruinnithe duine le duine le baill foirne, cruinnithe roinne rialta, chomh maith le cruinnithe ráithiúla ar fud na heagraíochta.

Déanaimid athbhreithniú ar inniúlacht agus ar mheascán scileanna na mball foirne, na gcomhpháirtithe gnó agus na gcomhaltaí, agus déanaimid iad a athchóiriú más gá, lena chinntiú go bhfuilimid dírithe go hiomlán ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus atá ag teacht chun cinn maidir le gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh a rialáil in Éirinn.

Leanaimid orainn ag soláthar cuspóirí atá soiléir go leor dár bhfoireann ionas go bhféadfaidís a bpoist a dhéanamh go héifeachtach trí chruinnithe duine le duine agus cruinnithe roinne.

Cuirimid clár fairsing oiliúna ar fáil don fhoireann, don Chomhairle, do comhaltaí an Choiste agus an Bhoird Chlárúcháin, do mheasúnóirí agus d'athbhreithneoirí.

Déanaimid luach acmhainní/fostaí an-soiléir a thairiscint chun baill foirne (lánaimseartha agus eile) a mhealladh agus a choinneáil, ina gcuirimid béim ar shocruithe solúbtha oibre, deiseanna oiliúna agus forbartha agus branda fostóra láidir.

Leanaimid le hoiliúint a chur i bhfeidhm atá dírithe ar na cleachtais bainistíochta eolais atá againn cheana féin a fhorbairt.

Leanann ár nGrúpa Folláine don fhoireann ar aghaidh ag cur timpeallacht oibre shláintiúil agus ghlas chun cinn mar chuid dá dtéarmaí tagartha. Cuirtear tionscnaimh éagsúla carthanachta, bolscaireachta agus múscailte feasachta i bhfeidhm i rith gach bliana.

Déanaimid athbhreithniú bliantúil ar ár bplean don fhórsa saothair, le béim ar leith ar a chinntiú go bhfuil na hacmhainní againn chun seirbhís ghairmiúil a sholáthar dóibh siúd lena mbímid i dteagmháil.



# Ag Breathnú Chun Cinn

## Ár dTimpeallacht Oibriúcháin



**Nuair a bhí ár Ráiteas Straitéise 2022 - 2026 á fhorbairt againn, rinneamar machnamh ar an gcaoi a bhféadfadh ár dtreo straitéiseach a bheith faoi thionchar tosca seachtracha agus, dá réir sin, bhí sé riachtanach iniúchadh a dhéanamh ar an timpeallacht ina n-oibrímid faoi láthair chun réamh-mheas a dhéanamh ar an gcaoi a gcaithfidh ár samhail rialála freagairt.**



### Athruithe Déimeagrafacha Daonra

Tá tionchar ag daonra atá ag dul in aois agus éilimh chúraim atá ag athrú ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh a sholáthar in Éirinn. Réamh-mheasann an Institiúid um Thaighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ESRI) go mbeidh duine as gach seisear de dhaonra na hÉireann os cionn 65 bliana d'aois faoi 2030, agus go dtiocfaidh méadú 32 - 37% ar an éileamh ar leapacha d'othair chónaitheacha agus méadú 23 - 28% ar chásanna othar lae. Ina theannta sin, meastar go dtiocfaidh méadú 24 - 30% ar chuairteanna fisiteiripe, méadú 33 - 38% ar chuairteanna teiripe saothair agus méadú 44 - 66% ar an éileamh ar phacáistí cúraim bhaile. Léirítear é seo leis an éileamh méadaitheach ar na gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialaigh go léir.

D'fhéadfadh tionchar a bheith ag treochtaí eipidéimeolaíochta, fachtóirí riosca stíl mhaireachtála agus athruithe ar threochtaí socheacnamaíocha ar thorthaí sláinte an daonra freisin. Ina theannta sin, beidh tionchar ag laghdú ar an ráta breithe, méadú ar fhadhbanna meabhairshláinte, ar ghalair neamhtheagmhálacha, agus ar an mbaol go scaipfear galar teagmhálach go tapa chomh maith le húsáid drugaí saintreoracha agus neamh-shaintreoracha ar sholáthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh sa todhchaí.

Mar thoradh ar dhéimeagrafaic daonra atá ag athrú mar atá leagtha amach, beidh **éilimh níos mó ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh agus, dá réir sin, ar riachtanais an mhargaidh saothair.**

# Soghluaisteacht an Lucht Saothair agus an Imirce



Measann an Coimisiún Eorpach easnamh de thart ar mhilliún oibrí sláinte laistigh den Aontas in 2020. Tugann an Roinn Sláinte chun suntais go bhfuil riosca straitéiseach suntasach i gceist d'fheidhmiú éifeachtach chóras sláinte na hÉireann mar gheall ar ghanntanais gairmithe cúraim sláinte atá ag teacht chun cinn agus ag méadú go tapa ar bhonn domhanda agus réigiúnach araon. Is dócha go léireofar easnamh sa lucht saothair sláinte agus cúraim shóisialaigh le **méadú ar shoghluaisteacht an lucht saothair agus ar an imirce chun freastal ar éilimh atá ag dul i méid**.

Tá an treocht sin le feiceáil cheana féin sa mhéadú ar fheachtais earcaíochta thar lear le haghaidh gairmithe atá cáilithe go hidirnáisiúnta ag comhlachtaí reachtúla. Léirítear é sin freisin sa líon méadaitheach iarratas ar aitheantas do cháilíochtaí idirnáisiúnta a fhaigheann CORU bliain i ndiaidh bliana.

Go hidirnáisiúnta, tugann treochtaí rialála le fios gurb iad gairmithe níos sine a bhfuil cáilíochtaí acu a fuair siad lasmuigh den dlínse, nach í teanga na tíre cónaithe a gcéad teanga agus atá ag cleachtadh ina n-aonar, is mó atá ina n-ábhar imní maidir le hinniúlacht a choinneáil agus/nó a bheith faoi réir gearáin. Tá rialtóirí ghairm na sláinte, in Éirinn agus níos faide i gcéin, tar éis cineálacha cur chuige a thionscnamh chun **tacú le cláraithe atá cáilithe go hidirnáisiúnta** gnéithe náisiúnta, eiticiúla, sóisialta, dlíthiúla agus gairmiúla den chleachtas a thuiscint.

Le héagsúlú an daonra, ní mór do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh a bheith oilte in inniúlacht chultúrtha freisin chun tacaíocht éifeachtach a chinntiú d'úsáideoirí seirbhíse agus chun éagothromaíochtaí ciníocha agus eitneacha a d'fhéadfadh a bheith sa chóras sláinte agus cúraim shóisialaigh a laghdú.

De réir a chéile, tá caighdeáin á nglacadh ag rialtóirí maidir le tuiscint a fháil ar **éagsúlacht** a gcláraithe agus a n-othar agus úsáideoirí seirbhíse agus daoine eile a idirghníomhaíonn leis an rialtóir chun a chinntiú nach gcuireann a phróisis bacainní míchuí ar dhaoine agus nach gcuireann siad daoine faoi mhíbhuntáiste ar aon slí eile. Bíonn sé de fhreagracht ar gach comhlacht poiblí in Éirinn comhionannas a chur chun cinn, idirdhealú a chosc agus cearta daonna a gcuid fostaithe, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a dtéann a gcuid beartas agus pleananna i bhfeidhm orthu a chosaint. Ina theannta sin, tá sé mar aidhm ag an gclár rialtais um athchóiriú na hearnála poiblí cion na seirbhíseach poiblí agus na státseirbhíseach ó chúlraí mionlaigh eitnigh a mhéadú.



**Is dócha go léireofar easnamh sa lucht saothair sláinte agus cúraim shóisialaigh le méadú ar shoghluaisteacht an lucht saothair agus ar an imirce chun freastal ar éilimh atá ag dul i méid.**

## Seirbhís Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh a Sholáthar



Is é tosaíocht straitéiseach **Sláintecare** samhail chomhtháite cúraim sláinte a sholáthar, a bheidh dírithe ar luath-idirghabháil/cúram a sholáthar trí fhoirne pobalbhunaithe idirdhisciplíneacha. Beidh tionchar ag athruithe ar chineál agus comhthéacs na seirbhísí ar scileanna agus inniúlachtaí amach anseo a theastaíonn ó ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, le béim níos mó ar ghairmithe atá ag obair go 'barr a gceadúnais'. Dá bhrí sin, bhainfeadh an gairmí leas as a chumas/cumas oideachais agus oiliúna iomlán, seachas am a chaitheamh ar thascanna a d'fhéadfadh daoine eile a dhéanamh go héifeachtach. Is dócha go mbeidh éileamh níos mó ar ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, agus go mbeidh **róil athraitheacha** ag na gairmithe sin, mar gheall ar an aistriú i dtreo cúram pobail agus cúram sa bhaile, agus béim níos mó ar obair idirdhisciplíneach agus ar fhreagracht foirne chomhroinnte.

Beidh ar ghairmithe oibriú i raon suíomhanna sláinte agus cúraim shóisialaigh éagsúla agus tacú le samhlacha comhtháite soláthair cúraim.

Tá soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh bunaithe freisin ar **bheartais agus** straitéisí eile an Rialtais, amhail iad siúd a bhaineann le leanaí, meabhairshláinte agus ceartas. Tá sé ríthábhachtach go leanfar de chaighdeáin iontrála chun cleachtais agus caighdeáin ina dhiaidh sin a fhorbairt de réir na n-athruithe sin. Is dócha freisin go mbeidh tionchar ag an aistriú ó fhreagracht gairmí aonair go freagracht foirne chomhroinnte ar chastacht na ngearán maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh, nuair is cosúil go mbeidh saincheisteanna maidir le freagracht aonair, foirne nó seirbhíse chun tosaigh.

## Pleanáil Straitéiseach d'Fhórsa Saothair



Tá sé mar aidhm ag beartas an Rialtais fórsa saothair sláinte agus cúraim shóisialaigh a phleanáil, a fhorbairt agus tacú leis chun clár um athchóiriú chóras sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann a chur ar fáil. Ceann de phríomhchláir Sláintecare is ea pleanáil d'fhórsa saothair. Tugadh chun suntais go mbíonn tionchar ag bearnaí sonraí ar fhorbairt na samhla éilimh agus acmhainne chun soláthar seirbhíse amach anseo a phleanáil. Tá impleachtaí aige sin freisin do straitéisí pleanála fórsa saothair de chuid ranna Rialtais eile i ndáil le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh.

Tá earcaíocht, coinneáil agus úsáid mhéadaithe mheascáin scileanna na foirne sláinte agus cúraim shóisialaigh ríthábhachtach chun córas cúraim sláinte éifeachtach a chruthú. **Éilíonn pleanáil straitéiseach d'fhórsa saothair i ndáil le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh sonraí atá ábhartha agus inrochtana go héasca**. Tá rialtóirí, idir náisiúnta agus idirnáisiúnta, dírithe ar shonraí a bhailiú agus a sholáthar don Rialtas chun cabhrú le pleanáil d'fhórsa saothair d'fhonn tacú le torthaí sábháilteachta poiblí.

## Athruithe san Oideachas



Laistigh d'earnáil an oideachais, tá treocht mhéadaitheach i dtreo comhpháirtíochtaí idirnáisiúnta agus i dtreo cláir oideachais trasdlínse a sholáthar. Tá impleachtaí aige sin do CORU, a bhfuil sé de fhreagracht air cláir oideachais ghairmiúil réamhchlárúcháin i ndlínse na hÉireann a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh orthu. Chuir paindéim COVID-19 dlús freisin le haistriú tapa chuig foghlaim chumaisc agus ba dhúshlán suntasach é rochtain ar chleachtas traidisiúnta/shocrúcháin chliniciúla a chur ar fáil.

Tá treocht ag dul i méid i dtreo cáilíochtaí a chomhbhronntar idir Ollscoileanna na hÉireann agus Ollscoileanna na Breataine, rud a tháinig chun cinn nuair a d'fhág an Ríocht Aontaithe an tAontas Eorpach is cosúil. Is réimse é seo atá ag athrú go tapa agus is gá monatóireacht leanúnach a dhéanamh air.

## Dul Chun Cinn Teicneolaíochta



Tá dul chun cinn teicneolaíochta ag athrú go tapa i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh. Ciallaíonn uathoibriú méadaithe go bhféadfadh roinnt tascanna nó róil a bheith iomarcach amach anseo, agus d'fhéadfadh réimsí nua cleachtais teacht chun cinn. Ina theannta sin, is dócha go mbeidh tionchar ag dul chun cinn maidir le húsáid na teicneolaíochta cúnta agus na hintleachta saorga ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh a sholáthar sa todhchaí. Caithfidh cur amach a bheith ag cláraithe **ar chúrsaí digiteacha agus caithfidh siad a bheith in ann na teicneolaíochtaí nua seo a úsáid** ar bhealach eiticiúil**, sábháilte agus freagrach.**

Ina theannta sin, tá úsáid níos mó á baint as teicneolaíocht gréasánbhunaithe chun seirbhísí a sholáthar **ar líne** (mar shampla, teile-shláinte). Ar an gcaoi sin cumasaítear teagmháil fhadtéarmach idir othar agus cliniceoir, mar aon le cúram, comhairle, meabhrúcháin, oideachas, idirghabháil, monatóireacht agus iontrálacha iargúlta. Cé go gcuirtear fáilte mhór roimh dhul chun cinn na teicneolaíochta, níl sé gan riosca.

Tharraing COVID-19 aird ar an tsaincheist sin, nuair a bhí ar go leor gairmithe teicneolaíochtaí ar líne a aimsiú chun tacaíocht agus idirghabháil a sholáthar, cé gur cuireadh imní in iúl maidir le slándáil na n-ardán ar líne. Tagann dúshláin nua chun cinn maidir le monatóireacht a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar cháilíocht, chomh maith le rialáil seirbhísí ar líne ag gairmithe nó seirbhísí, lasmuigh den dlínse, a sholáthraítear d'úsáideoirí seirbhíse in Éirinn (mar shampla, seirbhísí comhairleoireachta/síciteiripe ar líne).

## Treochtaí sa rialáil

Rialáil ar an gcaoi cheart, tá tarraingt idirnáisiúnta ag baint leis an gcoincheap den **íosfhórsa rialála a chur i bhfeidhm a theastaíonn chun an toradh inmhianaithe a bhaint amach**. Tá feasacht níos mó ann ar ualach na rialála agus ar an ngá atá leis an ionstraim iomchuí agus chomhréireach a roghnú chun an riosca a bhainistiú. Is iad na prionsabail atá mar bhonn agus mar thaca ag cur chuige maidir leis an gcaoi cheart ná go bhfuil **an rialáil comhréireach, comhsheasmhach, spriocdhírithe, cuntasach agus lúfar.**

Léirítear é sin i dTreoir an AE ó Pharlaimint na hEorpa a mbeidh tástáil comhréireachta ag teastáil ina leith sula nglacfaidh Ballstáit an Aontais rialáil nua gairmeacha. Is é an aidhm atá ann cur chuige rialála rioscabhunaithe a ghlacadh lena n-áiritheofar soghluaisteacht an lucht saothair laistigh den Aontas.

Cuirtear níos mó **béime ar mhí-iompar gairmiúil nó drochfheidhmíocht ghairmiúil a chosc** trí aird níos mó a thabhairt ar chaighdeáin oideachais, cóid iompair agus eitic, forbairt ghairmiúil leantach, forbairt an fhórsa saothair agus córais ghearáin níos fearr chun saincheisteanna a aithint chomh luath agus is féidir. Tá sé d'aidhm againn aghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna feidhmíochta sula dtagann siad chun cinn seachas déileáil leo i gcomhthéacs cásanna um fheidhmiúlacht chun cleachtadh nuair a bhíonn an dochar déanta cheana féin.

## Reachtaíocht

Leasaíonn an tAcht um Ghairmithe Rialáilte (Sláinte agus Cúram Sóisialach) (Leasú), 2020 na cúig Acht um ghairmithe sláinte rialáilte, go háirithe maidir le feidhmiúlacht chun cleachtadh agus clárú. Ní mór do na rialtóirí sláinte agus cúraim shóisialaigh ábhartha na hathruithe riachtanacha a eascraíonn as an leasú sin a chur i bhfeidhm.

De réir an Achta fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014, tá ceangal reachtúil ar na comhlachtaí poiblí uile, agus a bhfeidhmeanna á gcur i ngníomh acu, cloí leis an ngá le: fáil réidh le hidirdhealú; comhionannas deiseanna a sholáthar do bhaill foirne agus do na daoine a gcuireann siad seirbhísí ar fáil dóibh agus caitheamh go cóir leo sin uile; agus cearta daonna ball foirne agus úsáideoirí seirbhísí a chosaint. Ceanglaítear leis an reachtaíocht ar an gcomhlacht poiblí, ag féachaint dá fheidhm, dá chuspóir, dá mhéid agus dá acmhainní atá ar fáil measúnú, aghaidh a thabhairt orthu agus tuairisciú a dhéanamh ar ghníomhartha a thagann chun cinn chun cearta an duine agus comhionannas a chinntiú d'fhostaithe agus dóibh siúd a úsáideann a sheirbhísí.

Is dócha freisin go ndéanfar athbhreithniú ar Threoir 2005/36/CE (arna leasú in 2013/55/AE), lena gcumasaítear saorghluaiseacht gairmithe laistigh den AE, sna cúig bliana amach romhainn. D'fhéadfadh sé go mbeadh ceanglas ar rialtóirí sláinte agus cúraim shóisialaigh na hÉireann a rialacha agus a mbeartais a nuashonrú dá réir sin, agus d'fhéadfadh athruithe ar ár reachtaíocht phríomhúil a bheith ag teastáil freisin. Cé go gcuireann CORU prionsabail chéanna Threoir an AE i bhfeidhm maidir le hiarratasóirí neamh-AE i ndáil le cáilíochtaí a aithint, ní mór monatóireacht ghéar a dhéanamh ar impleachtaí Brexit agus freagairt dóibh.

# Éigeandáil Náisiúnta Sláinte COVID-19

D'athraigh paindéim dhomhanda COVID-19, beagnach thar oíche, an chaoi a gcuirtear seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh ar fáil in Éirinn, rud a chuireann brú gan fasach ar go leor seirbhísí. Tá siad siúd atá ag obair i seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh túslíne, agus atá ag filleadh ar an obair sin, ríthábhachtach do sholáthar leanúnach an chúraim le linn na paindéime seo. Bhí na gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh inchurtha leis an dúshlán seo agus lean siad orthu ag iarraidh seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a sholáthar le linn na géarchéime.

Mar sin féin, bhí tionchar ag ath-imlonnú gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh, cealú nósanna imeachta neamhéigeandála, de réir mar is gá, chomh maith le dúshláin i ndáil le seirbhísí cúraim phobail a sholáthar, ar gach duine, ach go háirithe ar na daoine is leochailí, nach raibh mórán díobh ábalta rochtain a fháil ar sheirbhísí le linn na paindéime.

Gan amhras, tá impleachtaí fadtéarmacha agus marthanacha ag tionchar COVID-19 ar sholáthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh, agus is dócha go gcuirfidh liostaí feithimh méadaithe le measúnú moillithe, luath-idirghabháil agus seirbhísí cúraim. Ina theannta sin, tá baol níos mó ann go dtolgfaidh gairmithe iad féin an víreas, go mbeidís faoi strus níos mó agus go mbeidís spíonta ag an mbrú.

Tharraing COVID-19 aird ar an ngá atá le lúfaireacht níos fearr maidir lenár reachtaíocht agus struchtúir rialachais chun freagairt le linn géarchéime. Bhí gá leis an Acht um Bearta Éigeandála ar Mhaithe le Leas an Phobail (Covid-19) 2020 chun clárú sealadach a éascú dóibh siúd atá ag filleadh ar chleachtas túslíne, i measc forálacha éigeandála eile.

Aithnítear freisin gur dócha go mbeidh impleachtaí tromchúiseacha ag cúlú eacnamaíoch domhanda a d'fhéadfadh a bheith ann sna blianta amach romhainn, in éineacht le hiasachtaí méadaithe rialtais chun seirbhísí sláinte agus sóisialacha criticiúla a mhaoiniú mar gheall ar COVID-19, maidir le caiteachas poiblí agus buiséid chomhlachtaí na hearnála poiblí.

# Timpeallacht Inmheánach



Tá saineolas bainistíochta rialála den scoth bunaithe ag CORU, agus go háirithe, bhain sé tairbhe as tiomantas láidir chomhaltaí na mBord Clárúcháin agus na Comhairle dár ndualgas reachtúil a chomhlíonadh i ndáil leis an bpobal a chosaint. Rinneamar ár bpríomhphróisis agus ár bpríomhchórais a fhorbairt agus a bheachtú ar bhonn leanúnach, rud a chabhraigh linn cáil a tharraingt ar CORU mar rialtóir éifeachtach agus éifeachtúil. Tacaíodh leis sin le méadú ar líon na foirne, tiomantas agus teacht aniar na foirne, chomh maith le bonneagar éifeachtach TF chun obair na mBord agus na Comhairle a éascú.

Go háirithe, d'fhreastail réitigh theicneolaíocha go maith ar fheidhmeanna criticiúla a choinneáil le linn na srianta a raibh gá leo mar gheall ar phaindéim COVID-19. Tharraing an Éigeandáil Sláinte Náisiúnta sin aird ar neart ár gcolún rialála lena n-áirítear ár gCód Iompair Ghairmiúil agus Eitice a d'éascaigh imscaradh cláraithe i dtimpeallachtaí nua agus ár gcur chuige solúbtha um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach de réir mar a lean cláraithe ag comhlíonadh riachtanais FGL.

Aithnímid freisin, áfach, go bhfuil roinnt dúshlán roimh CORU, go háirithe a spleáchas leanúnach ar mhaoiniú rialtais, cé gur samhlaíodh go ndéanfaí CORU a fhéinmhaoiniú trí tháillí a ghearradh.

**Nílimid ag 'staid sheasta' fós agus muid ag leanúint ar aghaidh ag obair chun cláir a oscailt do ghairmeacha nua. Tá na héilimh ar ár n-eagraíocht ag fás i gcónaí agus tá sé ghairm eile ainmnithe in Acht 2005 atá fós le rialáil, tá líon na ngearán ag méadú de réir mar a mhéadaíonn feasacht an phobail ar CORU agus is gá an scéim um Fhorbairt Ghairmiúil Leantach a chur i bhfeidhm do níos mó ná 20,000 cláraithe.**

Cuireann ár struchtúir chasta rialachais, chomh maith le srianta na reachtaíochta, teorainn lenár lúfaireacht chun freagairt d'athruithe tapa san earnáil sláinte agus cúraim shóisialaigh. Tharraing paindéim COVID-19 aird níos mó ar an **ngá atá le lúfaireacht níos fearr**.

Cosúil le go leor comhlachtaí eile san earnáil phoiblí, tharla iomlaoid foirne anseo agus cailleadh príomheolas agus taithí ar ár bpróisis rialála. Bhí tionchar breise ag dúshláin earcaíochta air sin, ar dócha go mbaineann siad le gráid foirne.

Leanaimid orainn ag oscailt clár do ghairmeacha nua, agus ag an am céanna aithnítear go bhfuil **castachtaí méadaitheacha** againn i measc na ngairmeacha sin. Aithnítear, leis na castachtaí sin, go bhfuil ualach méadaitheach ar Bhoird agus iad ag tabhairt faoin obair bhunúsach a bhfuil gá léi sular féidir a gcláir a oscailt.

In ainneoin na ndúshlán sin, samhlaímid deiseanna suntasacha agus muid ag forbairt agus ag leathnú sna blianta amach romhainn. Sna deich mbliana ó osclaíodh ár gcéad chlár, tá taithí shuntasach faighte againn ar riarachán na rialála.

Leanaimid orainn ag obair i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Sláinte chun samhail inbhuanaithe rialála a bhaint amach. Áirítear leis seo breithniú a dhéanamh ar ár samhail rialachais reatha, chomh maith le straitéis airgeadais inmharthana ina gcuirtear san áireamh ár riachtanais atá ag leathnú agus na riachtanais a bheidh ann amach anseo.

Leanaimid orainn freisin ag aithint deiseanna le haghaidh éifeachtúlachtaí feabhsaithe, lena n-áirítear tuilleadh digitithe a dhéanamh ar ár bpróisis agus ar ár gcórais. Rinneamar líonraí láidre a fhorbairt le rialtóirí náisiúnta agus idirnáisiúnta araon, ina roinntear léargais/saineolas ar ár samhail rialála, agus ag an am céanna táimid ar an eolas faoi threochtaí atá ag teacht chun cinn sa timpeallacht rialála náisiúnta agus idirnáisiúnta.

## Conclúid

**Agus scrúdú á dhéanamh againn ar ár dtimpeallacht oibriúcháin, idir sheachtrach agus inmheánach, d'aithníomar cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha. Aithnítear leis na tosaíochtaí straitéiseacha sin, de réir mar a leathnóimid, go leanaimid orainn ag forbairt ár gcur chuige rialála lena chinntiú go gcomhlíonfaimid ár ndualgas reachtúil chun an pobal a chosaint.**

# Na Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha

Is é misean CORU an pobal a chosaint ach iompar gairmiúil, oideachas, oiliúint agus inniúlacht ardchaighdeáin a chur chun cinn le chlárú reachtúil na ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh. De réir mar a leanaimid orainn ag forbairt ár gcur chuige agus ár n-idirghabhálacha rialála, is é ár ndualgas reachtúil chun an pobal a chosaint an t-ábhar is tábhachtaí dúinn i gcónaí agus tá sé mar bhonn agus mar thaca ag ár Ráiteas Straitéise.

## Chun ár Ráiteas Straitéise a chur i gcrích, tá cúig phríomhthosaíocht straitéiseacha aitheanta againn a dtabharfaimid fúthu sna cúig bliana amach romhainn.



# Tosaíocht Straitéiseach 1:

## Cuirfimid rialáil na sé ghairm ainmnithe atá fágtha chun cinn

**Tá sé fós mar phríomhthosaíocht againn cláir a oscailt do ghairmeacha atá ainmnithe faoin Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh 2005 (arna leasú).**

Tá cláir oscailte againn d'aon cheann déag de na seacht ngairm déag atá ainmnithe inár reachtaíocht agus táimid tiomanta thar shaolré an ráitis straitéise seo do dhul chun cinn a dhéanamh maidir le cláir a oscailt do na sé ghairm atá fágtha.

Bhunaíomar Boird Chlárúcháin do Chomhairleoirí, Síciteiripeoirí, Síceolaithe agus Oibrithe Cúraim Shóisialaigh freisin agus tá gach ceann díobh ag obair chun cláir a oscailt dá ngairm. Déanfaimid idirchaidreamh freisin leis an Aire agus leis an Roinn Sláinte maidir le Bithcheimiceoirí Cliniciúla agus Ortoptaigh a rialáil chun **brú ar aghaidh le cláir a oscailt do na gairmeacha sin**.

| CÉIM | Céim | Gairmeacha |
|---|---|---|
| 0 | **Roimh ainmniúchán**<br>(ag fanacht ar ainmniúchán ón Aire) | |
| 1 | **Roimh bhunú**<br>(roimh an gcéad chruinniú) | Bithcheimiceoirí Cliniciúla<br>Ortoptaigh |
| 2 | **Bunú**<br>(ó Chruinniú 1 go dtí an lá a osclaítear an clár) | Comhairleoirí agus Síciteiripeoirí<br>Síceolaithe<br>Oibrithe Cúraim Shóisialaigh |
| 3 | **Idirthréimhse**<br>(Ón lá a osclaítear an clár, agus cosnaítear an teideal, ar a dtugtar tréimhse na seantuismitheoirí freisin) | Coslianna |
| 4 | **Gnó mar is gnách**<br>(Idirthréimhse + 1 lá, leanúnach) | Fisiteiripeoirí agus Teiripeoirí Fisiciúla<br>Diaitéitigh<br>Optaiméadraithe agus Radharceolaithe Dáileacháin<br>Radagrafaithe agus Teiripeoirí Radaíochta<br>Oibrithe Sóisialacha<br>Teiripeoirí Urlabhra agus Teanga<br>Teiripeoirí Ceirde<br>Eolaithe Míochaine |

Aithnímid go bhfuil oscailt na gclár do ghairmeacha ainmnithe ag brath ar Bhoird Chlárúcháin a bheith curtha ar bun ag an Aire Sláinte. Táimid tiomanta d'oibriú chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cláir a oscailt do na gairmeacha atá fágtha, lena n-áirítear Bithcheimiceoirí Cliniciúla agus Ortoptaigh.

Is mór againn an gá atá le cothromaíocht a bhaint amach idir ullmhacht gairme le haghaidh rialáil reachtúil agus ár n-oibleagáid reachtúil a chomhlíonadh chun an pobal a chosaint. Nuair a cheaptar iad, ní mór do Bhoird Chlárúcháin tabhairt faoi obair ríthábhachtach chun na caighdeáin chearta a bhunú lena gcinnteofar go gcosnófar an pobal. Leanaimid orainn ag éisteacht leis na gairmeacha agus ag plé leo lena chinntiú go dtugtar faoin mbunobair riachtanach seo chun dul chun cinn a dhéanamh maidir le cláir a oscailt do na gairmeacha ainmnithe.

**Déanfaimid é sin agus leanfaimid lenár seirbhísí do ghairmeacha a sholáthar le cláir bhunaithe.**
Chuireamar le húsáid na réiteach digiteach agus thugamar isteach uathoibriú, nuair ab fhéidir, chun ár bpróisis a shruthlíniú. Leanfaimid orainn ag cur leis an rath sin maidir le seirbhísí a sholáthar dár gcláir bhunaithe.

**Tá sé mar aidhm againn an tosaíocht straitéiseach seo a bhaint amach trí na gníomhartha seo a leanas de réir mar a bhogann Boird Chlárúcháin trí na céimeanna chun a gcláir a oscailt**

1.1 Tabhairt faoin obair ullmhúcháin is gá a dhéanamh chun cláir a oscailt agus a chothabháil do ghairmeacha ainmnithe.

1.2 Caighdeáin a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm maidir le hiontráil i gcláir.

1.3 Tús a chur le monatóireacht agus faomhadh na gclár oideachais agus oiliúna.

1.4 Bealach aitheantais a chur ar fáil chun cláir (nuair atá siad oscailte) do chéimithe a bhfuil cáilíochtaí acu a fuair siad lasmuigh den Stát.

1.5 Forbairt Ghairmiúil Leantach éigeantach a chur chun feidhme.

1.6 Déileáil le gearáin agus iad a bhainistiú (lena n-áirítear gníomhaíochtaí um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh) agus cosaint teidil/teideal a fhorfheidhmiú.



# Tosaíocht Straitéiseach 2:

## Cinnteoimid go gcosnófar an pobal leis an rialáil agus go dtacóidh sí le gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh

**Léiríonn corpas fianaise atá ag dul i méid go mbíonn tionchar níos mó ag spreagadh a thabhairt do chláraithe agus tacú le cláraithe ina gcleachtas ar shábháilteacht úsáideoirí seirbhíse, ná díreach déileáil leis an gcéatadán beag cláraithe atá mar ábhar gearáin.**

Leanfaimid den phobal a chosaint trí dhéileáil le gearáin i gcoinne an bheagáin. Mar sin féin, chun a chinntiú go gcosnaítear an pobal leis an rialáil agus go dtacaíonn rialáil le cláraithe ina gcleachtas, **beimid ag díriú níos fearr ar acmhainní chun fadhbanna a sheachaint ar an gcéad dul síos.**

### Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir straitéiseach sin a bhaint amach

**2.1** Ár bhfócas agus ár n-acmhainní a aistriú go mór chun tacú lenár gcláraithe go léir torthaí sábháilte a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse.

**2.2** Dul i dteagmháil lenár bpáirtithe leasmhara chun tuiscint níos fearr a fháil ar eispéiris na ndaoine a idirghníomhaíonn linn agus ar an gcaoi a gcuirimid luach agus cosaint ar fáil don phobal.

**2.3** Ár gcumas a fhorbairt i réimsí na forbartha beartais, an taighde, na bainistíochta eolais agus an athbhreithnithe próisis.

**2.4** Modheolaíochtaí éagsúla a athbhreithniú, taighde a dhéanamh orthu agus iad a chur i bhfeidhm chun an leas a bhaineann cláraithe as cóid rialála, treoir, caighdeáin agus tacaíochtaí a fheabhsú agus chun torthaí sábháilte a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse.

**2.5** Idirghníomhú lenár gcomhpháirtithe oideachais, rialtóirí cúram sláinte eile, fostóirí, cumainn ghairmiúla agus príomhpháirtithe leasmhara eile chun a chinntiú go bhforbraíonn caighdeáin oideachais de réir riachtanais athraitheacha an phobail, samhlacha soláthair seirbhíse agus ról méadaitheach gairmithe sláinte agus cúraim shóisialta. Áirítear leis sin, fócas ar fhoghlaim idirghairmiúil a spreagadh chun cúram comhtháite a sholáthar agus torthaí úsáideoirí seirbhíse a fheabhsú.

**2.6** Rannchuidiú go gníomhach le comhlachtaí ábhartha agus comhoibriú leo, amhail Fóram na Rialtóirí Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, chun iniúchadh a dhéanamh ar an ngá atá le creat coiteann agus chun cur leis an gcaoi a ndéanaimid cúram sláinte a rialáil in Éirinn.

**2.7** Bheith ullamh d'aon athchóirithe reachtacha agus iad a chur i bhfeidhm, lena n-áirítear an Bille um Leasú Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, 2019, Treoir 2005/36/CE (mar a leasaíodh 2013/55/AE) agus an tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas, 2014.

# Tosaíocht Straitéiseach 3:

## Forbróimid ár gcumas eagraíochtúil agus ag an am céanna déanfaimid samhail rialála níos inbhuanaithe a chothú

**Chun a chinntiú go n-éireoidh linn ár dtreo straitéiseach a bhaint amach, leanfaimid orainn dár n-acmhainn eagraíochtúil a chothú agus de shamhail rialála níos inbhuanaithe a fhorbairt.**

Chuige sin, beidh gá le hathchóiriú a dhéanamh ar ár samhail rialála reatha, rud a chinnteoidh go bhfuil struchtúr cuí rialachais agus maoinithe i bhfeidhm. Éilíonn sé freisin éifeachtúlachtaí níos fearr a bhaint amach trí dhigitiú méadaithe agus trí bhealaí nua oibre agus a bheith ullamh chun freagairt d'athchóiriú reachtach.

### Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir straitéiseach sin a bhaint amach

3.1 **Pleanáil agus oibriú i dtreo samhail inbhuanaithe rialála a dhearadh, i gcomhpháirt leis an Roinn Sláinte.**

3.2 **Deiseanna breise a fhiosrú chun éifeachtúlachtaí atá ar fáil laistigh dár reachtaíocht reatha a fheabhsú, lena n-áirítear feidhmeanna atá tarmligthe don Phríomhfheidhmeannach agus/nó dá n-oifigigh a mhéadú.**

3.3 **Athbhreithniú a dhéanamh ar ár reachtaíocht reatha a rialaíonn gairmithe sláinte agus cúraim shóisialaigh agus athruithe a mholadh chun samhail inbhuanaithe rialála a bhaint amach.**

3.4 **Athbhreithniú réamhghníomhach a dhéanamh ar struchtúir ár n-eagraíochta chun comhlíonadh éifeachtach agus éifeachtúil ár sainchúraim reachtaíochta a chumasú agus lúfaireacht eagraíochtúil, trasobair agus cultúr athraithe agus feabhsúcháin leanúnaigh á gcothú ag an am céanna.**

3.5 **Tabhairt faoi athbhreithniú ar ár riachtanais mhaoinithe faoi láthair agus amach anseo, samhail maoinithe inbhuanaithe a bheith sainithe agus leanúint ar aghaidh ag obair chun é sin a bhaint amach.**

3.6 **Ár bplean don fhórsa saothair a fhorbairt chun foireann oilte eolach a earcú, a choinneáil, a chothú, a ailíniú agus chun tacú leo, a bheidh ag teastáil chun cuspóirí straitéiseacha CORU a bhaint amach.**

3.7 **Athbhreithniú a dhéanamh ar ár bpróisis ghnó lena chinntiú go bhfuilimid ag feidhmiú chomh costéifeachtach agus is féidir, lena n-áirítear deiseanna a fhiosrú chun acmhainní agus costais a roinnt le comhlachtaí poiblí eile.**

3.8 **Straitéis dhigiteach chlaochlaitheach a phleanáil agus a chur i bhfeidhm chun digitiú feabhsaithe agus bealaí nua oibre a chumasú, lena n-áirítear**

- córas nua a chur in ionad an chórais chlárúcháin reatha, agus aird á tabhairt ar amlínte chun cláir nua agus beanna nua a oscailt i bpróiseáil iarratais,
- saoráid ar líne a chur i bhfeidhm do sholáthraithe oideachais mar chuid de phróiseas faofa agus monatóireachta an chláir agus córas CRM le haghaidh tacaíocht rúnaíochta do Bhoird agus don Chomhairle,
- réiteach digiteach a chur i bhfeidhm agus iniúchtaí um Fhorbairt Ghairmiúil Leanúnach agus próisis toghcháin an Bhoird a uathoibriú, nuair is cuí,
- cur le húsáid na teicneolaíochta ar bhealach níos fearr chun obair lasmuigh den láthair oibre/cianobair a éascú agus chun éisteachtaí um Fheidhmiúlacht chun Cleachtadh/Achomhairc, cruinnithe agus cumarsáid le príomhpháirtithe leasmhara a reáchtáil, de réir mar is cuí.

# Tosaíocht Straitéiseach 4:

## Méadóimid feasacht ar ár ról don phobal a chosnaímid agus na gairmithe a rialaímid

**Tá dul chun cinn suntasach déanta againn le cúig bliana anuas chun tuiscint an phobail a fheabhsú, ní hamháin ar ról CORU, ach ar na gairmeacha a rialaímid freisin.**

Spreagamar cláraithe chun iad féin a aithint mar ghairmithe atá cláraithe in CORU, chuireamar feachtais feasachta poiblí i bhfeidhm agus chuireamar feabhas ar ár gcóras teachtaireachtaí trínár nuachtlitir, na meáin shóisialta agus ár láithreán gréasáin.

Leanfaimid orainn ag cur leis an rath seo sna cúig bliana amach romhainn. **Cuirfimid feasacht chun cinn, ní hamháin ar ról CORU, ach freisin ar luach ár ngairmithe sláinte agus cúraim shóisialta rialáilte agus ar an méid a chuireann siad le seirbhís shábháilte agus éifeachtach a sholáthar.**

### Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir straitéiseach sin a bhaint amach

**4.1** Suirbhé ar fheasacht staide (bonnlíne) a ghlacadh chun tuiscint a fháil ar ról agus ar fheasacht CORU ar luach na rialála a bheidh mar bhonn eolais do straitéis chumarsáide spriocdhírithe.

**4.2** Feachtas feasachta poiblí a sholáthar chun feabhas a chur ar an aitheantas ar luach na rialála don phobal, do chláraithe agus do pháirtithe leasmhara eile.

**4.3** Cumarsáid agus rannpháirtíocht le hInstitiúidí Ardoideachais agus le mic léinn sláinte agus cúraim shóisialaigh a fheabhsú chun sainchúram agus deiseanna reachtacha CORU a thuiscint chun dul i ngleic le caighdeáin, cóid agus treoir agus chun dul i gcomhairle leo.

**4.4** Plean cumarsáide a fhorbairt agus a sholáthar, a dhíríonn ar mhic léinn na gclár gairmiúil sláinte agus cúraim shóisialaigh le hullmhú chun dul isteach i gcleachtas gairme rialáilte.

**4.5** Saineolas CORU a aithint, leas a bhaint as agus é a úsáid chun cur le príomhdhíospóireachtaí beartais, ó thaobh na rialála de, lena n-áirítear samhlacha atá ag teacht chun cinn maidir le soláthar seirbhíse agus gairmithe a leathnaíonn raon feidhme an chleachtais.



# Tosaíocht Straitéiseach 5:

## Déanfaimid ár n-idirghabhálacha rialála a dhaingniú i dtaighde agus léargais atá bunaithe ar fhianaise

Tá rialáil ag síorathrú, mar aon le soláthar seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialaigh agus cleachtas gairmiúil. **Chun a chinntiú go leanfaidh ár gcolúin rialála de bheith cuí agus ábhartha chun an pobal a chosaint, déanfaimid ár n-idirghabhálacha rialála a dhaingniú i dtaighde agus i léargas atá bunaithe ar fhianaise.**

**ÁR GCOLÚIN RIALÁLA**

- Caighdeán Inniúlachta
- An Cód Iompair Ghairmiúil agus Eitice
- Forbairt Ghairmiúil Leantach

### Déanfaimid an méid seo a leanas chun an cuspóir straitéiseach sin a bhaint amach

**5.1** Monatóireacht a dhéanamh ar chaighdeáin agus ar léargais maidir le dea-chleachtais rialála, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta, agus idirghabhálacha rialála fianaise-bhunaithe a chinntiú lena ndírítear ar riosca do chosaint an phobail.

**5.2** Athbhreithniú a dhéanamh ar ár gcaighdeáin, cóid agus treoir oideachais chun comhthéacsanna athraitheacha cleachtais, cleachtais ghairmiúil agus fianaise/taighde atá ag teacht chun cinn a léiriú.

**5.3** Athbhreithniú a dhéanamh ar na Critéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna agus ar ár bpróisis chun cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.

**5.4** Na dúshláin a eascraíonn as próiseas Brexit a bhainistiú agus tacú leo, mar a bhaineann siad lenár sainchúram rialála, lena n-áirítear aitheantas a thabhairt do cháilíochtaí a ghnóthaigh an Ríocht Aontaithe, breithnithe saorghluaiseachta cúram sláinte trasteorann a éascú.

**5.5** Léargais ónár sonraí a chomhroinnt lenár gcláraithe agus le páirtithe leasmhara eile chun an pobal a chosaint, díobháil a chosc, tacú lenár gcláraithe agus bonn eolais a chur faoin mbeartas poiblí (lena n-áirítear foghlaim ó ghearáin agus tuarascálacha um fheidhmiúlacht chun cleachtadh a ionchorprú).

**5.6** Sonraí a roinnt ar ár gcláir, ar aon dul le ceanglais RGCS agus ceanglais reachtacha eile, chun cabhrú le gníomhaíochtaí pleanála fórsa saothair na seirbhíse sláinte agus cúraim shóisialaigh.

# Torthaí straitéiseacha

## Beidh a thosaíochtaí straitéiseacha bainte amach ag CORU sna cásanna seo a leanas:

- Rinneamar athbhreithniú ar ár gcaighdeáin, ár gcóid agus ár dtreoir chun a chinntiú go bhfuil siad ar aon dul le comhthéacsanna athraitheacha cleachtais, cleachtais ghairmiúil agus fianaise/taighde atá ag teacht chun cinn.
- Tá athbhreithniú déanta againn ar na Critéir do Chláir Oideachais agus Oiliúna agus ar ár bpróisis chun cláir oideachais agus oiliúna a fhaomhadh agus monatóireacht a dhéanamh orthu.
- Tá samhail inbhuanaithe rialála curtha chun cinn againn lena gcumasaítear lúfaireacht níos fearr chun freagairt do chomhthéacsanna athraitheacha cleachtais agus soláthair sheirbhíse.
- Tá samhail maoinithe inbhuanaithe aitheanta againn a chinntíonn acmhainní leordhóthanacha chun ár ndualgas reachtúil a chomhlíonadh i ndáil leis an bpobal a chosaint agus leanúint ar aghaidh ag obair chun é sin a bhaint amach.
- Tá moltaí curtha i bhfeidhm againn a d'eascair as athbhreithniú ar ár struchtúir eagraíochtúla.
- Coinnímid agus meallaimid fórsa saothair oilte agus inniúil chun ár dtosaíochtaí straitéiseacha a bhaint amach.
- Chuireamar leis an tuiscint atá againn ar ár ról agus ar luach na rialála chun an pobal a chosaint agus leis an tuiscint atá againn ar na gairmeacha a rialaímid.
- Meastar go bhfuilimid oscailte, trédhearcach agus cothrom agus muid ag plé leis na páirtithe leasmhara go léir.
- Faighimid comhairle ón mbeartas sláinte agus cúraim shóisialaigh ábhartha, cuirimid leis agus cuirimid eolas ar fáil dó.
- Tá torthaí níos fearr le feiceáil a eascraíonn as idirghabhálacha rialála fianaise-bhunaithe comhréireacha.
- Tá straitéis dhigiteach chlaochlaitheach curtha chun feidhme againn lena gcumasaítear bealaí nua oibre agus eispéireas feabhsaithe d'úsáideoirí i gcomhair an phobail, na gcláraithe agus páirtithe leasmhara eile.
- Aithnítear muid mar phríomh-rannpháirtí chun bonn eolais a chur faoi phleanáil d'fhórsa saothair sláinte agus cúraim shóisialaigh chun seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a sholáthar lena gcinntítear go gcosnaítear an pobal.

# Aguisín 1
# Próiseas Comhairliúcháin Phoiblí

An 15 Meán Fómhair 2020, sheol CORU comhairliúchán poiblí inar lorgaíodh aighneachtaí, tuairimí agus aiseolas ar a dhréacht-Ráiteas Straitéise 2021 – 2025. Foilsíodh an dréacht-Ráiteas Straitéise ar ár láithreán gréasáin agus bhí sé ar fáil d'aon duine a d'fhéach ar an láithreán.

Seoladh ríomhphost le nasc chuig an suirbhé seo chuig liosta spriocdhírithe de níos mó ná 1800 páirtí leasmhar lena n-áirítear grúpaí abhcóide othar, ranna Rialtais, ceardchumainn, cumainn ghairmiúla, soláthraithe oideachais, rialtóirí eile agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Tugadh cuireadh trí ríomhphost do na cláraithe uile a roghnaigh nuashonruithe a fháil ó CORU chun páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairliúcháin.

Eisíodh fógra faoin gcomhairliúchán poiblí freisin trí nuachtlitir CORU agus cuntas Twitter na meán sóisialta.

Ina theannta sin, éascaíodh cruinnithe comhairliúcháin le raon páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear:

- Boird Chlárúcháin do na gairmeacha ainmnithe
- Coiste Feidhmiúcháin CORU
- Ceardchumainn
- Comhlachtaí gairmiúla/comhlachais ghairmiúla
- Comhlachtaí ionadaíocha an tsoláthraí oideachais

Ghlac daoine páirt sa phróiseas comhairliúcháin ar roinnt bealaí:

1. Trí shuirbhé comhairliúcháin ar líne a chomhlánú
2. Le haighneacht i scríbhinn trí ríomhphost nó
3. Trí fhreastal ar chruinnithe agus ar cheardlanna chun aiseolas a thabhairt

Bhí an comhairliúchán poiblí ar oscailt ar feadh naoi seachtaine agus dúnadh é an 18 Samhain 2020.

### Forbhreathnú ar na freagraí ar an gcomhairliúchán

| Foinse | |
|---|---|
| Suirbhé ar líne[1] | 807 |
| Aighneachtaí i scríbhinn trí ríomhphost | 135 |
| Cruinnithe faisnéise agus comhairliúcháin – aiseolas ó bhéal | 26 |

Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn trí ríomhphost thar ceann na ngrúpaí, na n-institiúidí agus na n-eagraíochtaí seo a leanas:

- Cumann na Soláthraithe Cúraim Súl in Éirinn
- An Cumann Síocanailíse agus Síciteiripe in Éirinn (APPI)
- An Roinn Leanaí, Comhionannais, Míchumais, Lánpháirtíochta agus Óige
- An Roinn Oideachais agus Scileanna
- Cumas Éireann
- Cinn na gclár Fisiteiripe sa Choláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath, in Ollscoil Luimnigh, i gColáiste Ríoga na Máinleá in Éirinn, i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh
- Acadamh Éisteolaíochta na hÉireann (IAA),
- Cumann Teiripeoirí Ealaíon Cruthaitheach na hÉireann
- Cumann Meantóirí Caidrimh na hÉireann (IARM)
- Cumann Fisiteiripeoirí Cairte na hÉireann (ISCP)
- Bord Clárúcháin na nEolaithe Míochaine
- Oifig Náisiúnta na nGairmeacha Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh, FSS
- Comhairle Oistéapatach na hÉireann
- Bord Clárúcháin na gCoslianna
- Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
- Bord Clárúcháin na dTeiripeoirí Urlabhra agus Teanga
- Scoil an Léinn Shóisialta Fheidhmigh, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
- Scoil an Dlí, na dTeangacha agus na nEolaíochtaí Sóisialta, OT Baile Átha Cliath
- Bord Clárúcháin na nOibrithe Cúraim Shóisialaigh
- Aontas na Mac Léinn in Éirinn

Fuarthas aighneachtaí i scríbhinn freisin ó 112 duine aonair a d'aithin go minic mar bhaill de cheann de na cumainn nó comhlachtaí thuas.

1 Tabhair faoi deara: níor fhreagair gach freagróir gach ceist sa suirbhé

Ag Rialáil Gairmithe Sláinte
agus Cúraim Shóisialaigh

Regulating Health +
Social Care Professionals

CORU, Foirgneamh Infinity, Cúirt Sheoirse, Lána Sheoirse, Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7, D07 E98Y.

CORU, Infinity Building, George's Court, George's Lane, Smithfield, Dublin 7, D07 E98Y.

Ríomhphost: info@coru.ie www.coru.ie @CORUIreland